Dre-éan eanaigh, ionmhain fáth

[Brian Ó Cuív, ‘Donnchadh Mór’s Poem on the Wren’, *Éigse* 17, 13-18]

Donnchadh Mór [Ó Dálaigh] cc.

1 Dre-éan eanaigh, ionmhain fáth,
’g ar n-agallaimh gach aontráth;
éan agus toll tréna theach,
ar ngéadh, ar gcorr, ar gcoileach.

2 Ar bhfisidh, ar bhfear dána,
téid lá d’iarraidh éadála;
trí chuile uair an t-ollamh;
ní duaidh uile d’aonlongadh.

3 Tionóilis leis lán a mhéar
dá ingnibh donna an dre-éan;
na trí ceathrair ’m an gcuidigh
dá dtí fearthain fliuchfaidir.

4 Och! ón! is cruaidh lem chridhe
bás cloinne na cuirrcighe;
cuirrceach ar n-éag a dá héan,
dá bhuirrceach déag ’g an dre-éan.